**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2018

## STAIR – ARDLEIBHÉAL
**(180 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 - 4.30**

STAMPA AN IONAID

SCRÚDUIMHIR

**FREAGAIR GACH CEIST, 1, 2, 3, 4, 5 AGUS 6**
**FREAGAIR CEISTEANNA 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR SEO**
**FREAGAIR CEISTEANNA 4, 5 AGUS 6 I DO FHREAGARLEABHAR**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR**

**1. PICTIÚIR**
(15 mharc)

Déan staidéar ar na pictiúir - **A**, **B agus C** - a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚR A**
*Taispeánann Pictiúr A Fulacht Fiadh an Droma Bhig.*

(i) Cén fáth ar úsáideadh *fulacht fiadh* sa Chré-umhaois in Éirinn?

........................................................................................................................ (1)

(ii) Taispeánann **Pictiúr A** trach uisce agus clocha timpeall air. Mínigh an úsáid a baineadh astu maidir le *fulacht fiadh.*

........................................................................................................................

........................................................................................................................

........................................................................................................................ (2)

(iii) Ainmnigh **dhá** chineál áit chónaithe ó aimsir na gCeilteach in Éirinn.

........................................................................................................................

........................................................................................................................(2)

(*b*) **PICTIÚR B**
*Radharc is ea Pictiúr B a thaispeánann long ó thuras farraige Da Gama chun na hIndia, 1498.*

(i) Cén t-ainm a thugtar ar an gcineál bád seoil atá i **bPictiúr B**?

........................................................................................................................(1)

(ii) Tabhair **dhá** ghné a bhaineann leis an gcineál bád seoil nua sin.

........................................................................................................................

........................................................................................................................

........................................................................................................................(2)

(iii) Ainmnigh **dhá** uirlis a chuidigh le mairnéalaigh loingseoireacht a dhéanamh ar an bhfarraige le linn Ré na Taiscéalaíochta.

........................................................................................................................

........................................................................................................................(2)

*(c)* **PICTIÚR C**

*Taispeánann Pictiúr C póstaer toghcháin don olltoghchán in 1932.*

(i) Ó **Phictiúr C** cén fáth ar cheart duit vótáil do Chumann na nGaedhael?

……………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………… (1)

(ii) Conas a áitítear i **bPictiúr C** nár cheart duit vótáil d'Fhianna Fáil?

……………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Ainmnigh an ceannaire a bhí ar Chumann na nGaedhael in 1932.

……………………………………………………………………………………………………………………………………(2)

**2. DOICIMÉID**
(15 mharc)

Léigh an dá dhoiciméad, **1** agus **2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **DOICIMÉAD 1**
*Sliocht as Dialann Ghorta Gerard Keegan, 1847.*

(i) Cé mhéad duine a bhí ar bord an Naparima?

........................................................................................................................................ (1)

(ii) Cad a tugadh do na paisinéirí nuair a shroich siad Kingstown?

........................................................................................................................................ (1)

(iii) Conas a bhí cúinsí ar bord an Naparima? Tabhair **dhá** shampla.

........................................................................................................................................

........................................................................................................................................

........................................................................................................................................(2)

(iv) Cén fhianaise a thugann le tuiscint nach raibh na rialacha agus na rialacháin á leanúint?

........................................................................................................................................

........................................................................................................................................

........................................................................................................................................(2)

(v) Tá dialanna, cosúil leis an gceann seo ó Gerard Keegan, úsáideach do staraithe. Tabhair buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le dialanna a úsáid mar fhoinsí staire.

Buntáiste: ..........................................................................................................................

........................................................................................................................................

Míbhuntáiste: ......................................................................................................................

........................................................................................................................................(2)

*(b)* **DOICIMÉAD 2**

*Sliocht as agallamh le Gilles Peress. Is fóta-iriseoir as an Fhrainc é a thóg fótagraif i nDoire ar Dhomhnach na Fola, Eanáir 1972.*

(i) Cár thosaigh an mháirseáil, dar le Peress?

…………………………………………………………………………………………………………………………………… (1)

(ii) Cad a d'úsáid arm na Breataine chun an mhionchíréib a stopadh?

……………………………………………………………………………………………………………………………………(1)

(iii) Cad a rinne an sagart a tháinig ar an láthair?

…………………………………………………………………………………………………………………………………… (1)

(iv) Cén fáth dar leat a raibh Peress ag tógáil fótagraf agus ag gol ag an am céanna?

……………………………………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………………………………(2)

(v) Cén fáth a raibh tábhacht ag baint le saothar óna leithéid Peress agus Domhnach na Fola á fhiosrú go ceann blianta ina dhiaidh?

……………………………………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………………………………(2)

**3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRA**
(20 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna a leanas. Is fiú 2 mharc an ceann iad.

(i) Cad a chiallaíonn an téarma *réamhstair?*

…………………………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………………………(2)

(ii) Cén fáth ar fearr le staraithe eolas a fháil ó bhreis agus foinse amháin?

…………………………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………………………(2)

(iii) Cén ról a bhí ag an *draoi* in Éirinn in aimsir na gCeilteach?

…………………………………………………………………………………………………………………………………………………(2)

(iv) Mínigh an chúis a raibh eallach chomh tábhachtach sin do na Ceiltigh.

…………………………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………………………(2)

(v) Ainmnigh **dhá** cheann de na céimeanna a bhain le hoiliúint ridire le linn na Meánaoiseanna.

…………………………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………………………(2)

(vi) Luaigh **dhá** fheidhm a bhí ag gild i mbaile mór sna Meánaoiseanna.

…………………………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………………………(2)

(vii) Tabhair **dhá** thionchar thábhachtacha a bhí ag teacht na Normannach ar Éirinn.

…………………………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………………………(2)

(viii) Tabhair **dhá** chúis ar thosaigh an Athbheochan san Iodáil.

…………………………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………………………(2)

(ix) Tabhair **dhá** chúis a raibh rialtóirí toilteanach urraíocht a dhéanamh ar thurais farraige le linn Ré na Taiscéalaíochta.

…………………………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………………………(2)

(x) Ainmnigh an tsibhialtacht a chloígh an *conquistador* Spáinneach, Francisco Pizarro.

…………………………………………………………………………………………………………………………………………………(2)

(xi) Tabhair **dhá** chúis ar tháinig fás chomh mór sin ar dhaonra na Breataine sa chéad leath den 19ú haois.

……………………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(xii) Ainmnigh **dhá** fheabhas a tháinig ar mhodhanna feirmeoireachta mar thoradh ar an Réabhlóid Talmhaíochta.

……………………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(xiii) Ainmnigh bean **amháin** a raibh lámh ar leith aici in Éirí Amach na Cásca, 1916.

…………………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(xiv) Cad ab ea *an tAcht um Rialú na hÉireann*, 1920?

……………………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(xv) Cad a chuir T.K. Whitaker le hÉirinn le linn na 1960idí?

……………………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(xvi) Luaigh laige mhór **amháin** a bhain le Conradh na Náisiún.

……………………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(xvii) Cén ceannaire Iodálach ar tugadh *Il Duce* air?

…………………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(xviii) Cad ab ea Dlíthe Nürnberg i nGearmáin na Naitsithe?

……………………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(xix) Cén tír a chaill talamh mar thoradh ar Chomhdháil München, Meán Fómhair 1938?

…………………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(xx) Luaigh **dhá** athrú a tháinig ar shaol na tuaithe in Éirinn ó 1945 i leith.

……………………………………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

**FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO A LEANAS, 4, 5 AGUS 6, I bhFREAGARLEABHAR FAOI LEITH**

**4. PEARSANA SA STAIR**
(40 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Seandálaí i mbun oibre. (20)

(ii) Bean uasal i gcaisleán sa Mheánaois. (20)

(iii) Leasaitheoir creidimh, **a ainmníonn tú,** in aimsir an Reifirméisin. (20)

**AGUS**

**B.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Aontachtaí ina c(h)ónaí i gcúige Uladh agus a chuir i gcoinne an Rialtais Dúchais go luath sa 20ú haois. (20)

(ii) Ball den pháirtí Naitsíoch ag míniú conas a tháinig Hitler i gcumhacht. (20)

(iii) Seanbhean ag cur síos ar athruithe ar ról na mban in Éirinn ó 1945 i leith. (20)

## 5. GLUAISEACHTAÍ RÉABHLÓIDEACHA (30 marc)

### FOINSE D - MEIRICEÁ

*1775. 18 Meitheamh. Philadelphia. Litir ó George Washington chuig a bhean, Martha Washington, nuair a ceapadh é mar Ardcheannasaí ag an gComhdháil Ilchríochach*.

Chinn an Chomhdháil go gcuirfí an tArm iomlán a earcaíodh chun Cúis Mheiriceá a chosaint faoi mo chúram agus gur gá dom dul go Bostún láithreach chun Ceannas a ghlacadh air. Creid mé, nuair a dhearbhaím chomh sollúnta agus is féidir nach raibh an post seo á lorg agam agus go ndearna mé gach iarracht é a sheachaint, ní hamháin de bhrí nach bhfuilim ag iarraidh scaradh leat féin agus leis an Teaghlach, ach go bhfuil a fhios agam gur iontaoibh í atá go mór thar m'Acmhainn. Ach de bhrí gur cinniúint de chineál éigin a chuir iallach orm an tSeirbhís seo a dhéanamh, tá súil agam gur ar mhaithe le dea-chuspóir éigin atáim ag tabhairt fúithi.

http://americainclass.org/sources/makingrevolution/war/text3/commchiefwashington.pdf

### FOINSE E - MEIRICEÁ

*NUA-EABHRAC. Cathair Nua-Eabhrac, 15 Iúil.*

Ar an gCéadaoin, léadh amach Forógra na Comhdhála ag fógairt Neamhspleáchas Stáit Aontaithe Mheiriceá ag Ceann gach Briogáide den Arm Ilchríochach a bhí lonnaithe sa Chathair seo nó in aice léi, agus nuair a chualathas é bhí Comharthaí Lúcháire le feiceáil i ngach áit. An Tráthnóna Céanna caitheadh anuas dá Seastán an dealbh de George III agus é ar muin capaill, a tógadh in 1770, agus chualamar go ndéanfar Piléir den Luaidhe a raibh an leacht déanta aisti.

*Connecticut Journal, 17 Iúil 1776*

http://americainclass.org/sources/makingrevolution/rebellion/text8/decindepcelebrations.pdf

### FOINSE F – AN FHRAINC

*Mionn na Cúirte Leadóige, 20 Meitheamh, 1789*

Ó tharla go measann an Comhthionól Náisiúnta go ndearnadh é a ghairm chun bunreacht na Ríochta a bhunú, chun athghiniúint an oird phoiblí a chur i gcrích, agus chun fíorphrionsabail na monarcachta a choinneáil; nach féidir le rud ar bith é a chosc ar leanúint dá chuid plé pé áit a gcaithfidh sé é féin a bhunú; agus, ar deireadh, pé áit a mbeidh a chuid ball bailithe le chéile, gurb é sin an áit a bhfuil an Comhthionól Náisiúnta.

http://www.historywiz.com/primarysources/tenniscourtoathtext.htm

**A. Foinsí D agus E - Meiriceá**

(i) De réir **Fhoinse D**, an raibh George Washington ag iarraidh go gceapfaí mar Ardcheannasaí ar an Arm Ilchríochach é? Tabhair **cúis** amháin le do fhreagra. (2)

(ii) I **bhFoinse E**, "caitheadh anuas dá seastán" dealbh George III. Cén fáth ar díríodh ar an dealbh áirithe sin dar leat? Tabhair **cúis** amháin le do fhreagra. (2)

(iii) Cad a rinne Baron von Steuben chun cuidiú le saighdiúirí Washington le linn an gheimhridh ag Valley Forge, 1777-1778? (2)

(iv) Ón staidéar a rinne tú ar Chogadh Saoirse Mheiriceá tabhair **dhá** chúis a mhíníonn an fáth ar chloígh na Meiriceánaigh na Briotanaigh. (4)

**B. Foinse F – An Fhrainc**

(i) De réir **Fhoinse F**, cén fáth a ndearnadh an Comhthionól Náisiúnta a ghairm? (2)

(ii) Ghlac baill an Chomhthionóil Náisiúnta an mionn sin i gcúirt leadóige in Versailles. Ón léamh a rinne tú ar **Fhoinse F** cén fáth a gceapann tú go measann mórán staraithe gurbh é sin an chéad chéim i dtreo Réabhlóid na Fraince? (2)

(iii) Seachas Mionn na Cúirte Leadóige, tabhair **dhá** chúis a mhíníonn an fáth a raibh Réabhlóid sa Fhrainc in 1789. (4)

**C.** Scríobh cuntas ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(i) Na cúiseanna a bhí le Cogadh Saoirse Mheiriceá.

(ii) Ré an Uafáis sa Fhrainc, Meán Fómhair 1793 - Iúil 1794.

(iii) Na hiarmhairtí a bhain le hÉirí Amach 1798 in Éirinn. (12)

**6.** Freagair **dhá** cheann de na ceisteanna seo a leanas, **A, B, C, agus D.** (60 marc)

## (A) TÚS RÉ NA CRÍOSTAÍOCHTA IN ÉIRINN

(i) Cén ról a bhí ag an *ab* i mainistir i dtús Ré na Críostaíochta? (2)

(ii) Luaigh **dhá** thionchar a bhí ag teacht na Críostaíochta go hÉirinn. (2 x 2)

(iii) Ainmnigh **dhá** láthair mhainistreacha ó thús Ré na Críostaíochta in Éirinn agus ainmnigh an manach a bhunaigh an mhainistir ag gach ceann de na láithreacha sin. (2 x 2)

(iv) Tabhair cuntas ar **dhá** ghné a bhaineann le tús Ré na Críostaíochta in Éirinn:

(a) Leagan amach agus láthair mainistreach.
(b) Ceardaíocht a táirgeadh sna mainistreacha.
(c) Manaigh mhisinéireachta na hÉireann i dtíortha eile.

(10 x 2)

## (B) PLANDÁIL IN ÉIRINN

(i) Mínigh an polasaí *géilleadh agus athbhronnadh.* (2)

(ii) Tabhair **dhá** chúis ar ghlac rialtóirí Briotanacha polasaí plandála chucu féin in Éirinn. (2 x 2)

(iii) Maidir leis na plandálacha, mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas:

*Bábhún;* *An Pháil;* *Seirbheoir.* (2 x 2)

(iv) Scríobh faoi na hiarmhairtí móra a bhain leis na plandálacha in Éirinn faoi **dhá** cheann de na ceannteidil seo a leanas:

(a) Creidimh.
(b) Polaitíocht.
(c) Cultúr agus nósanna. (10 x 2)

## (C) FORBAIRTÍ POLAITÍOCHTA IN ÉIRINN SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Tabhair cúis **amháin** a raibh teip mhíleata ar Éirí Amach 1916. (2)

(ii) Tabhair **dhá** chúis ar bhuaigh Sinn Féin olltoghchán 1918. (2 x 2)

(iii) Maidir le Cogadh na Saoirse, mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas:

*An Scuad;* *Colúin Reatha;* *Póilíní Cúnta.* (2 x 2)

(iv) Tabhair cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

(a) An stailc agus an frithdhúnadh i mBaile Átha Cliath, 1913.
(b) An saol i dTuaisceart Éireann le linn an Dara Cogadh Domhanda, 1939-1945.
(c) An méid a bhain an Chéad Chomhrialatas Idirpháirtíoch amach, 1948-1951. (10 x 2)

## (D) AN CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Tabhair cúis **amháin** a raibh an Ghearmáin an-mhíshásta le Conradh Versailles. (2)

(ii) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann leis an Dara Cogadh Domhanda, 1939-1945:

*An Cogadh Bréige;* *Oibríocht* Sealion*;* *D-Day (Meitheamh 1944)* (2 x 2)

(iii) Tabhair cuntas ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Cath Dunkirk, 1940.
(b) An Blitz, 1940.
(c) Cath Stalingrad, 1942-1943. (10)

(iv) Roghnaigh topaic **amháin** as **1**, **2** nó **3** thíos:

**Topaic 1 - Teacht i dTreis na nOllchumhachtaí.**

(i) Tabhair cúis **amháin** ar thosaigh an Cogadh Fuar i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda. (2)

(ii) Scríobh cuntas ar mhór-ghéarchéim **amháin** sa Chogadh Fuar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Aontas na Sóivéide le linn na tréimhse, 1945-1963. (12)

**Topaic 2 - Gluaiseachtaí i dtreo aontú na hEorpa.**

(i) Tabhair cúis **amháin** a raibh gluaiseacht i dtreo comhoibriú níos mó idir tíortha na hEorpa i ndiaidh 1945. (2)

(ii) Scríobh faoi imeachtaí a spreag aontú níos mó idir thíortha na hEorpa, 1973-1992. (12)

**Topaic 3 - Náisiúnachas san Afraic agus san Áise.**

(i) Tabhair cúis **amháin** ar thosaigh tíortha Eorpacha ar a gcuid coilíneachtaí a thabhairt suas tar éis 1945. (2)

(ii) Tabhair cuntas ar an gcoimhlint ar son neamhspleáchais tar éis 1945 i dtír **a ainmníonn tú** san Afraic nó san Áise. (12)